Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Márta 2019
(OR. en)

7607/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0082(COD)**

CODEC 693
AGRI 154
AGRILEG 60

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 12 Aibreán 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 19 Meán Fómhair 2018[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh ar an 4 Iúil 2018[3].

4. Ar an 12 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 7809/18.
[2] IO C 440, 6.12.2018, lch. 165.
[3] IO C 387, 25.10.2018, lch. 48.
[4] 7182/19.

5. Iarrtar ar an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 4/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ríocht Aontaithe ag staonadh ón vótáil;

– a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin;

– an ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, a leagtar amach in Aguisín 2, a thabhairt dá haire.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.